"B'FHEARR LEAT NITHE ÁIRITHE A CHOINNEÁIL PRÍOBHÁIDEACH!"

Réamhthuarascáil maidir le Sruth II de chomhairliúchán poiblí an Choimisiúin um Chosaint Sonraí maidir le próiseáil sonraí pearsanta leanaí agus cearta leanaí mar ábhair shonraí faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí

Lúnasa 2019

An Coimisiún um Chosaint Sonraí
Data Protection Commission

ombudsman do leanaí
for children

1. RÉAMHRÁ

Ó mhí na Nollag 2018 go mí na Bealtaine 2019, reáchtáil an Coimisiún um Chosaint Sonraí ('an Coimisiún') comhairliúchán poiblí maidir le próiseáil sonraí pearsanta leanaí agus cearta leanaí mar ábhair shonraí faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí ('an Rialachán Ginearálta'). Seoladh an comhairliúchán sin chun aghaidh a thabhairt ar roinnt ceisteanna a tháinig chun cinn i gcomhthéacs na bhforálacha nua a bhaineann le leanaí faoin Rialachán Ginearálta, rud atá ar an gcéad dlí um chosaint sonraí riamh ón Aontas Eorpach lena dtarraingítear aird ar an tábhacht a bhaineann le sonraí pearsanta leanaí a chosaint agus ar staid na leanaí mar ábhair shonraí.

2. CÉN FÁTH AR GHÁ AN COMHAIRLIÚCHÁN A DHÉANAMH?

Rialachán prionsabailbhunaithe is ea an Rialachán Ginearálta. Mar sin, tháinig ceisteanna chun cinn faoin dóigh ar cheart forálacha áirithe a bhaineann le leanaí a léirmhíniú agus a chur chun feidhme sa chleachtas. Tá oibleagáid ar an gCoimisiún faoi Airteagal 57 den Rialachán Ginearálta freisin feasacht agus tuiscint a chur chun cinn ar na cearta, na rioscaí, na rialacha agus na coimircí atá ann i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta, go háirithe i gcás go mbaineann an phróiseáil sin le sonraí pearsanta leanaí. Le linn an chomhairliúcháin, tugadh sárdheis don Choimisiún na nithe seo a leanas a dhéanamh: 1) tuairimí geallsealbhóirí a lorg agus leas a bhaint as an aiseolas sin chun treoir luachmhar a thabhairt maidir le gnéithe den Rialachán Ginearálta a bhaineann le leanaí; 2) feasacht an phobail a mhéadú ar na cearta atá ag leanaí i dtírdhreach cosanta sonraí an lae inniu; agus 3) ról díreach a thabhairt do leanaí agus daoine óga sa díospóireacht trí iad a chumasú a dtuairimí a chur in iúl ar aon dul le hAirteagal 12 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh.

3. CÉN DÓIGH AR CUIREADH AN COMHAIRLIÚCHÁN I GCRÍCH?

Bhí an comhairliúchán eagraithe ina dhá shruth: Le linn Shruth I, tugadh cuireadh do gheallsealbhóirí is aosaigh a dtuairimí a chur isteach ar shaincheisteanna a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta leanaí. Le linn Shruth II – ar ábhar na tuarascála seo é – féachadh le ról díreach a thabhairt do leanaí agus daoine óga sa díospóireacht trí pháirt a ghlacadh i bpróiseas comhairliúcháin saindeartha sa seomra ranga a bhí dírithe ar dhaltaí a bhí 8 mbliana d'aois nó ní ba shine.

I mí Eanáir 2019, rinne an Coimisiún teagmháil le gach bunscoil agus iar-bhunscoil in Éirinn – agus le gach ionad Ógtheagmhála – agus thug sé cuireadh dóibh páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán. Rinne an Coimisiún paca ábhar plean ceachta a chruthú agus a dháileadh ansin. Ba é ab aidhm dó cabhrú le múinteoirí saincheisteanna cosanta sonraí a mhíniú dá gcuid daltaí agus iad a phlé leo agus díríodh go sonrach ann ar na meáin shóisialta agus ar na cineálacha sonraí a nochtar go rialta trí ghníomhaíocht ar na meáin shóisialta. Trí úsáid an phlean ceachta sin sa seomra ranga, thug an Coimisiún cuireadh do dhaltaí a dtuairimí ar shraith ceisteanna a chur in iúl ar phóstaeir aiseolais. Sa phlean ceachta ón gCoimisiún, iarradh ar dhaltaí súil a chaitheamh ar na téarmaí agus coinníollacha a ghabhann le "SquadShare", ar aip bhréige é a chruthaigh an Coimisiún lena húsáid chun críocha oideachais, agus iniúchadh a dhéanamh ar na cearta cosanta sonraí a bheadh acu le linn dóibh an aip bhréige sin a úsáid. Chabhraigh roinnt eagraíochtaí náisiúnta oideachais agus roinnt eagraíochtaí náisiúnta um chearta leanaí leis an gCoimisiún an tionscnamh a chur chun cinn agus reáchtáladh feachtas fairsing sna meáin shóisialta chun tacú leis.

4. CÉN FÁTH AR CHUIREAMAR AN TUARASCÁIL SEO LE CHÉILE AGUS AN CUR CHUIGE A GHLAC AN COIMISIÚN I LEITH FREAGRAÍ A MHEAS

Is é cuspóir na tuarascála seo léargas a thabhairt ar an leibhéal teagmhála a rinneadh leis an gCoimisiún i dtaca leis an sruth dá chomhairliúchán a bhí dírithe ar leanaí. Tugtar sa tuarascáil freisin forbhreathnú ar na príomhthreochtaí agus na príomhthéamaí a d'eascair as an aiseolas a fuaireamar ó leanaí agus daoine óga sna haighneachtaí uathu. Níl an tuarascáil seo ceaptha chun a bheith ina píosa príomhúil taighde acadúil – ba é an t-aon chuspóir amháin a bhí leis an gcomhairliúchán aiseolas a bhailiú ó leanaí agus daoine óga maidir le saincheisteanna tábhachtacha cosanta sonraí agus leas a bhaint as an aiseolas sin chun bonn eolais a chur faoin treoir uainn ar an topaic.

Iarradh ar leanaí tuairimí a thabhairt ar shé cheist, ar cumhdaíodh saincheist cosanta sonraí ar leith i ngach ceann díobh. Is éasca meastóireacht staitistiúil a dhéanamh ar na freagraí ar cheisteanna áirithe ná ar chinn eile. Ba thuairimbhunaithe a bhí na freagraí ar cheisteanna eile, áit a raibh deis ag leanaí a smaointe féin a chomhroinnt agus an díospóireacht a leathnú. Spreagadh múinteoirí an oiread tuairimí agus is féidir a bhailiú óna gcuid daltaí, agus níor ghá do ranganna teacht ar chomhdhearcadh ar na ceisteanna a cuireadh orthu. Ba chosúil gur éirigh le ranganna áirithe comhdhearcadh a bhaint amach agus níor thug na ranganna sin ach tuairim amháin ar gach ceist. I gcás ranganna eile, thug

siad roinnt freagraí éagsúla ar cheisteanna aonair nó leag siad figiúirí amach inar léiríodh nach raibh na daltaí iontu ar aon intinn lena chéile ar cheisteanna achrannacha. Ar an gcúis sin, ghlac an Coimisiún cur chuige ilchineálach i leith anailís a dhéanamh ar na sonraí a bhí sna freagraí ar na ceisteanna.

5. CÁ MHÉAD DUINE DE LEANAÍ AGUS DAOINE ÓGA A GHLAC PÁIRT I SRUTH II DEN CHOMHAIRLIÚCHÁN?

Fuair an Coimisiún 50 aighneacht san iomlán ó scoileanna difriúla agus ó ionaid Ógtheagmhála dhifriúla ar fud na tíre. Agus 25 dhalta á n-úsáid mar mheánmhéid ranga, cumhdaíodh sna haighneachtaí sin na tuairimí a bhí ag thart ar 1200 dalta. Cé gur spriocdhíríomar go príomha ar scoileanna agus ar ionaid Ógtheagmhála, b'ábhar misnigh dúinn gur ghlac grúpaí eile amhail grúpaí gasógaíochta agus grúpaí Chomhairle na nÓg páirt sa chomhairliúchán lasmuigh de thimpeallacht oideachais fhoirmiúil freisin. Fuaireamar aighneacht phearsanta ó dhalta amháin chomh maith. Bhí leanaí san aoisghrúpa idir 10 mbliana agus 12 bhliain ar an gcohórt ba mhó ionadaíocht, agus 40% de na haighneachtaí ag teacht ó dhaltaí bunscoile i ranganna 5 agus 6. Fuarthas 24% de na haighneachtaí ó leanaí i rang 2 go rang 4 (idir 7 mbliana d'aois agus 10 mbliana d'aois, tríd is tríd). Tugtar le fios i dtaighde a d'fhoilsigh CyberSafeIreland[1] le déanaí go bhfuil a bhfón cliste féin ag 68% de leanaí idir 8 mbliana d'aois agus 13 bliana d'aois agus go mbaineann 70% de leanaí san aoisghrúpa sin úsáid ghníomhach as na meáin shóisialta. Mar sin, is ábhar misnigh dúinn gur rannchuidigh daoine ón déimeagrafach ar leith sin go mór leis an gcomhairliúchán.

Bhí daltaí sa chéad bhliain agus sa dara bliain den mheánscoil (idir 12 bhliain d'aois agus 14 bliana d'aois, tríd is tríd) ar an dara cohórt ba mhó ionadaíocht, agus beagáinín faoi bhun 30% de na haighneachtaí ag teacht ón gcatagóir sin. Is ábhar misnigh eile é sin, sa mhéid, dar leis an tuarascáil chéanna ó CyberSafeIreland, go mbaineann tuairim is 85% de dhaoine óga san aoisghrúpa sin úsáid as aipeanna meán sóisialta agus as aipeanna cur teachtaireachtaí. Ní bhfuarthas an oiread céanna aighneachtaí (9%) ó dhaltaí sa tríú bliain go dtí an séú bliain den mheánscoil (idir 14 bliana d'aois agus 17 mbliana d'aois, tríd is tríd), ach is dóigh go raibh na daltaí san aoisghrúpa sin ag ullmhú do scrúduithe Teastais Shóisearaigh agus Ardteistiméireachta ag an am.

---

1 An tuarascáil bhliantúil ó CyberSafeIreland don bhliain 2017, arna foilsiú i mí Mheán Fómhair 2018. Ar fáil ag: https://cybersafeireland.org/media/1183/csi_annual_report_2017-final.pdf

SRACFHÉACHAINT AR AN RANNPHÁIRTÍOCHT

RANNPHÁIRTÍOCHT DALTAÍ DE RÉIR GRÚPA RANGA





Maidir le rannpháirtíocht de réir suíomh geografach, ba ó scoileanna i gCúige Laighean a fuarthas formhór na n-aighneachtaí (52%). Ina dhiaidh sin, fuarthas an líon ba mhó aighneachtaí ó Chúige Mumhan (30%), ó Chúige Chonnacht (12%) agus ó Chúige Uladh (6%). Cé go raibh Cúige Laighean ar an gcúige ba mhó ionadaíocht, bhí dea-leibhéal rannpháirtíochta ann ó scoileanna ar fud na hÉireann.

AN MÉID A DÚIRT LEANAÍ AGUS DAOINE ÓGA LINN...

C1. CONAS A D'FHÉADFADH CUIDEACHTAÍ A MHÍNIÚ GO SOILÉIR DAOIBH CAD A DHÉANANN SIAD LE BHUR SONRAÍ PEARSANTA, DAR LIBH?

Is féidir na freagraí ba choitianta ar an gceist seo a ghrúpáil ina gceithre mhórchatagóir: Bhí leanaí agus daoine óga ar fud na n-aoisghrúpaí uile ag iarraidh tuilleadh (1) simplíochta, (2) trédhearcachta, (3) inrochtaineachta agus (4) solúbthachta agus iad ag idirghníomhú le cuideachtaí.

SIMPLÍOCHT

"Ba cheart dóibh teanga atá sothuigthe ag leanaí agus déagóirí a úsáid ionas go gcuirfear iad ar an eolas go cuí." *(Aois 12-13)*

"Ba cheart an fhaisnéis a mhiondealú ina pointí le hurchair." *(Aois 15-16)*

"Ba cheart dóibh méid an chló a mhéadú agus an cló a dhéanamh níos dathannaí." *(Aois 16-17)*

"Ba cheart dóibh físeán cúláilte a dhéanamh nó gearrthóg ghreannmhar a chur ar YouTube (agus uaineadóir a chur ar na téarmaí agus coinníollacha chun a chinntiú go léifidh tú iad)." *(Aois 12-13)*

INROCHTAINEACHT

"D'fhéadfadh cuideachtaí móra (e.g. Google) cuairt a thabhairt ar scoileanna agus labhairt le daltaí faoin dóigh a n-úsáidtear a sonraí." *(Comhairle Daltaí Mheasctha, aois 12-18)*

"Ba cheart duit bheith in ann ceisteanna a chur ar dhuine ar líne mura dtuigeann tú rud éigin." *(Aois 12-13)*

"Ba cheart don chuideachta teagmháil a dhéanamh leat gach uair a thugann sí do shonraí ar aghaidh do chuideachta eile." *(Aois 15-18)*

TRÉDHEARCACHT

"Nuair a chuireann tú do shonraí pearsanta isteach, ba cheart dóibh a fhiafraí díot, 'Ar mhaith leat a fháil amach cén dóigh a n-úsáidfear d'fhaisnéis?' " *(Grúpa measctha, aois 8-12)*

"Ba cheart samplaí den dóigh ar úsáideadh sonraí pearsanta san am atá thart a sheoladh chugainn." *(Aois 10-11)*

"Ba cheart dóibh 1 cent a íoc leat as gach píosa sonraí a thógann siad uait. Chun iad a chumhdach sa chúirt, ba cheart dóibh a mhíniú cén fáth ar cheannaigh siad na sonraí sin." *(Aois 14-15)*

"Ba cheart dóibh insint dúinn láithreach faoin dóigh a n-úsáidfear ár sonraí sula gcláróimid agus sula gcomhaontóimid leis na téarmaí agus coinníollacha. Ba mhaith linn an deis a bheith againn smaoineamh faoi na nithe sin ar dtús." *(Aois 10-11)*

SOLÚBTHACHT

"Ba cheart é a bheith níos éasca fianáin a chur as." *(Aois 12-13)*

"Ba cheart dóibh rogha a thabhairt duit gan rochtain a thabhairt ar ghrianghraif nó ar theagmhálaithe." *(Aois 10-11)*

"Ba cheart dóibh rogha a thabhairt duit gan clárú ach do chodanna nó coinníollacha áirithe." *(Aois 12-13)*

"Ba cheart dóibh ainm úsáideora seachas fíorainm a iarraidh." *(Aois 8-9)*

SIMPLÍOCHT

- Bhraith leanaí go láidir go bhféadfadh cuideachtaí a lán rudaí a dhéanamh chun a gcumarsáidí a dhéanamh níos sothuigthe ag leanaí. Mar shampla, d'fhéadfadh siad a bhfógraí príobháideachta a ghiorrú, teanga níos simplí a úsáid agus achoimre a thabhairt ar an bhfaisnéis is tábhachtaí nó í a chur i láthair i bpointí le hurchair.
- Moladh freisin go n-úsáidfeadh cuideachtaí clónna móra dathannacha do rannáin thábhachtacha.
- D'iarr roinnt ranganna go ndéanfaí cumarsáidí níos simplí trí fhaisnéis a chur i láthair i bhfíseán greannmhar. Chun a chruthú go dtuigeann siad an dóigh a mbíonn a sonraí á bpróiseáil, mhol siad freisin go gceanglófaí ar leanaí agus daoine óga quiz a chomhlánú ag deireadh an fhíseáin sula bhféadfaidh siad an tseirbhís a rochtain.

TRÉDHEARCACHT

Bhí leanaí ag iarraidh go ngníomhódh cuideachtaí ar bhealach níos trédhearcaí freisin:

- D'iarr siad go dtabharfaí tuilleadh faisnéise dóibh faoin dóigh a bpróiseáiltear a sonraí agus, go háirithe, faoi na rioscaí a bhaineann le rochtain a thabhairt do chuideachtaí ar a sonraí.
- Chuir rang amháin moladh praiticiúil síos, agus é ag rá gur cheart do chuideachtaí samplaí sonracha den dóigh ar úsáid siad sonraí san am atá thart a sheoladh chugat. Dúirt grúpa leanaí eile gur mhaith leo an fhaisnéis sin a fháil sula gcláraíonn siad d'aip ionas go bhfuil deis acu smaoineamh faoi na nithe sin.
- Bhí amhras ar a lán leanaí go mbíonn cuideachtaí ag gníomhú de mheon macánta ina leith sin – bhí rang amháin ag iarraidh go míneodh cuideachtaí "an úsáid bheacht a bhainfeadh siad as a fhaisnéis" agus thug ranganna eile le fios go n-úsáideann cuideachtaí "scríbhneoireacht an-bheag" agus "faisnéis neamhábhartha" chun go mbeidh sé níos deacra tuilleadh faisnéise a fháil faoi na rioscaí a bhaineann le sonraí pearsanta a úsáid dá seirbhísí.

INROCHTAINEACHT

- Bhraith leanaí gur cheart é a bheith níos éasca teagmháil a dhéanamh le cuideachtaí agus gur cheart do chuideachtaí iarracht mhéadaithe a dhéanamh dul i dteagmháil leo agus iad a chur ar an eolas faoina ngníomhaíochtaí próiseála.
- Cheap roinnt freagraithe gur cheart do chuideachtaí duine a chur ar fáil chun freagra a thabhairt ar aon cheisteanna atá acu faoi bheartas príobháideachta na cuideachta (e.g. trí sheirbhís teachtaireachtaí meandracha).
- Bhraith freagraithe eile gur cheart do chuideachtaí fógra a thabhairt dóibh le ríomhphost nó le teachtaireacht téacs gach uair a thugann siad a sonraí ar aghaidh do chuideachta eile.
- Moladh eile a chuir a lán leanaí in iúl ba ea gur cheart do "chuideachtaí móra amhail Google" tuilleadh gníomhaíochtaí for-rochtana atá dírithe ar leanaí a sheoladh, amhail fógraí a chur ar an teilifís agus ar líne agus cur i láthair a thabhairt ag scoileanna, ar lena linn a d'fhéadfadh siad a mhíniú cén dóigh a bpróiseálann siad sonraí pearsanta.

SOLÚBTHACHT

- Bhí leanaí ag iarraidh tuilleadh saoirse a fháil chun srian a chur leis an méid sonraí pearsanta is gá dóibh a nochtadh fúthu féin sula bhféadfaidh siad úsáid a bhaint as na haipeanna agus na seirbhísí is fearr leo.
- Bhraith siad freisin gur cheart é a bheith níos éasca diúltú do chineálacha áirithe sonraí pearsanta a nochtadh gan rochtain ar an tseirbhís a chailleadh ag an am céanna. Chomh maith leis sin, bhraith siad gur cheart do chuideachtaí seirbhísí bunúsacha ar leith a fhorbairt do leanaí, ar seirbhísí iad nach n-éilíonn orthu méideanna iomarcacha sonraí pearsanta a nochtadh, agus gur cheart dóibh spreagadh a thabhairt do leanaí seirbhísí den sórt sin a úsáid.
- Ina lán cásanna, dúradh go bhfuil sonraí geoshuímh agus fíorainmneacha ina samplaí d'iarrataí iomarcacha.

C2. CÉN AOIS BA CHEART A BHEITH BAINTE AMACH AGAIBH SULA BHFÉADFAIDH SIBH CLÁRÚ DO CHUNTAS MEÁN SÓISIALTA GAN CEAD BHUR DTUISMITHEOIRÍ A FHÁIL?

Mar atá léirithe thíos, bhí éagsúlacht shuntasach ann idir na haoisghrúpaí difriúla maidir leis na freagraí ar an gceist seo:



Seasann an líne fhlannbhuí don mheánfhreagra a fuarthas ó leanaí i scoilbhliain ar leith, e.g. ba é 16 bliana d'aois an meánfhreagra ó dhaltaí bunscoile i rang 3. Seasann an líne bhándearg do mheánaois na leanaí sa scoilbhliain lena mbaineann, e.g. is é meánaois na ndaltaí i rang 3 den bhunscoil ná thart ar 8 mbliana d'aois.

- I bhformhór na gcásanna, dúirt daltaí bunscoile gur cheart an aois a shocrú ag aois atá i bhfad níos airde ná meánaois a ngrúpa ranga. Mar atá léirithe sa ghraf thuas, tharla sé, ar an meán, gur bhraith daltaí i rang a trí den bhunscoil (8-9 mbliana d'aois, tríd is tríd) gur cheart dóibh 16 bliana a bhaint amach sula bhféadfaidh siad clárú do chuntas meán sóisialta dá gcuid féin. Cé go gcúngaíonn an bhearna de réir mar a théann daltaí in aois, tá treocht chomhsheasmhach le tabhairt faoi deara i measc daltaí sa bhunoideachas agus sa luath-mheánoideachas, áit a measann siad gur cheart an tairseach aoise a bheith i bhfad níos airde ná a n-aois féin. D'áitigh a lán aoisghrúpaí óga gur cheart ról a bheith ag a dtuismitheoirí i gcuntas meán sóisialta a chruthú dóibh toisc go gcreideann siad go bhfuil a dtuismitheoirí níos freagraí ná iad agus gur féidir leo iad a chosaint ar dhíobháil.

- De réir mar a bhogaimid i dtreo na n-aoisghrúpaí is sine, áfach, feicimid laghdú soiléir sa mheánaois a mhol daltaí, go háirithe de réir mar a théann na daltaí in aois bliain ar bhliain. Dá shine a éiríonn daltaí is ea is ísle an aois a mbraitheann siad gur cheart an tairseach a shocrú aici i gcoibhneas lena n-aois féin go dtí go mbaineann siad an dara bliain den mheánscoil amach (13-14 bliana, tríd is tríd). Is ag an am sin a thosaíonn siad ag smaoineamh gur cheart an tairseach a bheith cothrom lena n-aois reatha nó níos ísle ná a n-aois reatha. Níor bhraith ach grúpa ranga amháin sa dara bliain nó níos airde gur cheart an tairseach a shocrú os cionn 16 bliana d'aois.

- Titeann an mheánaois a mhol daltaí níos gaire do 13 bliana d'aois i measc daltaí sa dara bliain agus sa tríú bliain (13-15 bliana) sula méadaíonn sí go thart ar 14/15 bliana i measc daltaí níos sine (idir 15 bliana d'aois agus 17 mbliana d'aois).

"18 mbliana d'aois toisc nach bhfuil sé cuí go labhraíonn aon duine níos óige ná sin le cuideachtaí." ***(Aois 8-9)***

"I roinnt tíortha, is féidir leat carr a bheith agat agus tú 16 bliana d'aois. Mar sin, ba cheart duit bheith in ann iompar go stuama ar d'fhón." ***(Aois 10-11)***

"13 bliana d'aois toisc go bhfuilimid aibí go leor. Ní thugann daoine a gceart do leanaí. Tuigimid an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus na cearta atá againn.

Dhear a lán daoine sa rang aipeanna mar chuid dá mheasúnú curaclambhunaithe don ghnó agus saothraíonn siad ioncam fógraíochta uathu. Rinneamar taighde ar an Rialachán Ginearálta agus ar scannal Cambridge Analytica. Táimid sean go leor!" ***(Aois 13-14)***

"13 bliana d'aois – ní chloíonn aon duine leis an aois íosta faoi láthair. Ní éireoidh le toiliú tuismitheora mura ndéantar gníomhartha níos cuimsithí. Ní dóigh linn go ndéanfaí aon difear dá n-athrófaí an aois – ba cheart feasacht a mhúscailt ina áit." ***Grúpa Óige (aoiseanna measctha)***

"Tabharfaidh daoine neamhaird ar an teorainn aoise i gcónaí. Tá sé an-éasca dul timpeall ar thoiliú tuismitheora. Má tá cuideachtaí dáiríre faoi thoiliú tuismitheora a fhorfheidhmiú, áfach, beidh orthu bheith níos déine." ***(Aois 15-16)***

C3. CÉN AOIS BA CHEART A BHEITH BAINTE AMACH AGAIBH SULA BHFÉADFAIDH SIBH CÓIP DE BHUR SONRAÍ PEARSANTA A IARRAIDH Ó CHUIDEACHTA NÓ INSINT DI BHUR SONRAÍ PEARSANTA A SCRIOSADH?



- Ba é an freagra ba choitianta ar an gceist seo (thart ar 40%) ná gur cheart do leanaí cead a bheith acu iarrataí ar rochtain nó ar léirscriosadh a dhéanamh "ag aois ar bith" toisc gurb iad a sonraí pearsanta féin iad. I measc an 40% a luaigh "Aois ar bith", bhí formhór na leanaí (45%) idir 9 mbliana d'aois agus 12 bhliain d'aois. Bhí an rogha sin ar an rogha ba neamhchoitianta i measc daoine óga idir 15 bliana d'aois agus 18 mbliana d'aois (9%).

- Ba é an dara freagra ba choitianta (pas beag níos mó ná 20%) ná gur cheart an ceart sin a thabhairt do leanaí agus iad an-óg, nuair atá siad de bhun na haoise íosta le haghaidh toiliú digiteach a thabhairt san Aontas Eorpach de ghnáth (i.e. 13 bliana d'aois). Leanaí idir 12 bhliain d'aois agus 15 bliana d'aois a bhí i 45% díobh sin a bhí den tuairim gur cheart do leanaí cead a bheith acu iarrataí ar rochtain nó ar léirscriosadh a dhéanamh agus iad 13 bliana d'aois nó níos óige.

- Níor cheap ach 13.5% de leanaí agus daoine óga gur cheart 18 mbliana d'aois a bheith bainte amach ag daoine sula bhféadfaidh siad iarraidh ar rochtain nó ar léirscriosadh a dhéanamh le cuideachta.

Is léir go gceapann formhór na leanaí agus na ndaoine óga a ghlac páirt ann gur cheart dóibh bheith in ann a gcearta mar ábhair shonraí a fheidhmiú ag aois ar bith nó ag aois measartha óg.

"Aois ar bith. Tá sé de cheart agat do shonraí féin a rochtain. Níor cheart aois a bheith ag teastáil." ***(Aois 12-15)***

""Aois ar bith toisc gur cheart ceart a bheith agat i gcónaí a fháil amach cén t-eolas atá ag cuideachtaí ort." ***(Aois 10-11)***

"Níor cheart aon teorainn aoise a bheith ann. Má bhíonn sé ar do chumas teagmháil a dhéanamh leo, is amhlaidh go mbeidh tú aibí go leor chun é seo a dhéanamh."
(Grúpa Óige, aoiseanna measctha)

"Measaimid gur cheart 13 bliana d'aois a bheith ar an aois. Éilíonn an chuid is mó d'aipeanna go bhfuil tú 13 bliana d'aois. Mar sin, féadfaidh tú na sonraí a iarraidh ag an aois sin."
(Aois 13-14)

"Bheadh sé ina chabhair aois a shocrú mar aois ar faoina bun a d'fhéadfadh tuismitheoirí cabhrú lena leanaí a sonraí a fháil nó a scriosadh." ***(Aois 8-9)***

C4. AR CHEART DAOIBH BHEITH I GCEANNAS AR BHUR SONRAÍ PEARSANTA FÉIN? NÓ AR CHEART DO BHUR DTUISMITHEOIRÍ CEAD AIGHNIS A BHEITH ACU SAN ÁBHAR?

Cé go bhfuil an chuid is mó de leanaí den tuairim gur cheart dóibh bheith in ann a gcearta cosanta sonraí a fheidhmiú ag aois ar bith nó ag aois an-óg maidir le rochtain nó léirscriosadh, is díol spéise go bhfuil an chuma air go bhfuil céatadán an-ard den tuairim freisin gur cheart do thuismitheoirí cead aighnis a bheith acu sa dóigh a mbainistítear sonraí pearsanta leanaí:



- Bhí thart ar 45% de leanaí den tuairim gur cheart do thuismitheoirí ról beag ar a laghad a bheith acu i gcabhrú le leanaí a sonraí pearsanta a bhainistiú go dtí go mbeidh siad ina n-aosaigh. Den 45% de leanaí a bhí i bhfabhar na rogha sin, bhí an chuid ba mhó ar fad (pas beag níos lú ná 90%) ina ndaltaí bunscoile nó ina ndaltaí sa chéad trí bliana den mheánscoil. Is é sin le rá, go raibh siad idir 7 mbliana d'aois agus 15 bliana d'aois, a bheag nó a mhór. Ní gá go raibh a lán leanaí sa chatagóir sin ag iarraidh go mbeadh tionchar láidir ag a dtuismitheoirí ar a ngníomhaíochtaí ar líne. Ina ionad sin, cheap siad gur cheart tuismitheoirí a choinneáil ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí a leanaí chun go mbeadh siad in ann níos mó cosanta a thabhairt dóibh. Mar shampla, bhí roinnt leanaí sa chatagóir sin ag iarraidh go mbeadh a neamhspleáchas féin acu agus iad ar líne ach go mbeadh a dtuismitheoirí in ann idirghabháil go tapa i gcás éigeandála. Luaigh roinnt leanaí eile go bhfuil sé ceart agus cóir go mbeadh cead aighnis ag tuismitheoirí i ngníomhaíochtaí a leanaí ar líne toisc go dtéitear i bhfeidhm ar thuismitheoirí i ngach cás ina dtarlaíonn aon drochrud dá leanaí agus iad ar líne.

- Freagraí nach raibh chomh coitianta sin ba ea na roghanna a bhí bunaithe ar chomhréiteach, amhail baint a bheith ag tuismitheoirí leis go dtí go mbainfeadh an leanbh aois áirithe amach idir 13 bliana d'aois agus 16 bliana d'aois. Ní raibh ach 7% de leanaí den tuairim nár cheart do thuismitheoirí baint a bheith acu leis go dtí go mbainfeadh an leanbh 13 bliana d'aois amach, agus cheap 19% díobh gur cheart dá dtuismitheoirí ról a bheith acu ann go dtí go mbainfeadh an leanbh 16 bliana d'aois amach. Dá ainneoin sin, bhí an chuma air gur cheap 75% de leanaí nár cheart dá dtuismitheoirí baint a bheith acu leis ar chor ar bith le linn don leanbh bheith faoi bhun aois an aosaigh nó nár cheart dóibh baint a bheith acu leis ar chor ar bith.

- Roghnaíodh an rogha "Níor cheart do thuismitheoirí cead aighnis a bheith acu" i 30% de na freagraí uile agus bhí sí ní ba choitianta i measc daltaí meánscoile (thart ar 60% den fhigiúr 30%). I measc na leanaí nach raibh i bhfabhar aon chead aighnis a bheith ag tuismitheoirí, mheas siad den chuid is mó gur cheart dóibhsean, agus dóibhsean amháin, bheith i gceannas ar a sonraí pearsanta féin. Luaigh roinnt leanaí go bhfuil siad chomh hinniúil i dteicneolaíocht is atá a dtuismitheoirí, agus bhí leanaí eile den tuairim gur cheart é a fhágáil fúthu féin a chinneadh cé acu ba cheart dá dtuismitheoirí baint a bheith leis nó nár cheart.

"De réir mar a théann tú in aois, ba cheart duit níos mó príobháideachta agus níos mó neamhspleáchais a bheith agat." ***(Aois 11-12)***

"Ba cheart dúinn bheith i gceannas ar ár sonraí pearsanta ach ba cheart dár dtuismitheoirí cead a bheith acu iad a rochtain chun nach dtarraingeoimis triobhóid orainn." ***(Aois 10-11)***

"Ba cheart dom bheith i gceannas. Ba cheart dom príobháideacht a bheith agam." ***(Aois 15-16)***

"Is gá gurb eol do thuismitheoirí cad atá á dhéanamh ag a leanaí agus iad ar líne chun go mbeidh siad in ann iad a choinneáil sábháilte e.g. d'uimhir a thabhairt do strainséirí ar líne, grianghraif díot féin agus d'éide scoile ort a phostáil." ***(Aois 8-9)***

"Is é do ghnó féin é agus níor cheart do thuismitheoirí aon bhaint a bheith acu leis." ***(Aois 12-13)***

C.5 AR CHEART DO CHUIDEACHTAÍ CEAD A BHEITH ACU BHUR SONRAÍ PEARSANTA A ÚSÁID CHUN FÓGRAÍ A THAISPEÁINT DAOIBH? CÉN FÁTH?



- Bhí 60% de leanaí agus daoine óga den tuairim nár cheart do chuideachtaí cead a bheith acu na sonraí pearsanta de chuid leanaí agus daoine óga a úsáid chun fógraí oiriúnaithe a thairiscint dóibh. Bhí leanaí idir 10 mbliana d'aois agus 12 bhliain d'aois ar an ngrúpa ba mhó in aghaidh na húsáide sin.

- Díobh sin a bhí in aghaidh fógraí oiriúnaithe, luaigh siad go bhfuil na fógraí ina gcrá croí nó ina sárú príobháideachta agus nach bhfuil sé ceart ná cóir go n-úsáideann cuideachtaí a sonraí pearsanta chun brabús a ghnóthú. Labhair leanaí eile faoi na heispéiris chorraitheacha a bhí acu nuair a bhí siad "á leanúint" ag fógraí oiriúnaithe ar an Idirlíon. Labhair grúpa amháin de leanaí idir 8 mbliana d'aois agus 9 mbliana d'aois go bhfuil baint ann idir fógraí teilifíse agus fógraí ar líne, á rá go bhfuil fógraí ar líne "fíorscanrúil toisc go bhfuil siad dírithe ortsa go díreach, in ionad iad a bheith dírithe ar gach duine, mar atá amhlaidh i gcás fógraí teilifíse". Bhí imní ar rang amháin freisin faoi na brúnna airgeadais a chuirtear ar thuismitheoirí de bharr na bhfógraí sin.

- Os a choinne sin, bhí 40% de leanaí agus daoine óga den tuairim gur cheart do chuideachtaí cead a bheith acu na sonraí pearsanta de chuid leanaí agus daoine óga a úsáid chun fógraí oiriúnaithe a thaispeáint dóibh.

- Den fhigiúr 40% sin, bhí leanaí idir 12 bhliain d'aois agus 14 bliana d'aois ar an ngrúpa ba mhó i bhfabhar na bhfógraí (45%). I measc na leanaí a bhí i bhfabhar fógraí oiriúnaithe, luaigh siad go bhfuil sé áisiúil fógraí atá sainoiriúnaithe dóibh a fháil agus dúirt siad gur leadránach atá aipeanna mura bhfuil na fógraí sin ann. Bhí leanaí eile ann nach raibh chomh díograiseach sin ach a ghlac leis an margadh atá i gceist le fógraí a fháil mar chúiteamh ar sheirbhís saor in aisce a fháil.

"Tá sé míchothrom fógraí a spriocdhíriú ar leanaí chun go gceannóidh siad nithe. Is féidir nach mbeidh sé ar acmhainn ag leanaí/ teaghlaigh iad a cheannach." ***(Aois 11-12)***

"Tá an chuma air go bhfuil siad ag déanamh stalcaireacht ort." ***(Aois 8-12)***

"Nílimid i bhfabhar fógraíocht spriocdhírithe toisc go bhfuil sí scanrúil. Ag an am céanna, áfach, ní íocfaimis airgead chun dul isteach sna suíomhanna sin." ***(Aois 10-11)***

C.6 CAD A CHEAPANN SIBH FAOI NA FÓGRAÍ A PHREABANN ANÍOS AR BHUR GCUNTAS MEÁN SÓISIALTA?



Tríd is tríd, ba thar a bheith diúltach a bhí an t-aiseolas a fuarthas ó leanaí maidir le fógraíocht meán sóisialta (thart ar 70% de thuairimí). Sa chlibnéal thuas, léirítear na haidiachtaí ba choitianta a úsáideadh chun cur síos a dhéanamh ar na tuairimí a bhí ag leanaí ar fhógraí. Mar shampla, ba é “Crá croí” an téarma a luadh ní ba mhinice ná aon téarma eile chun cur síos a dhéanamh ar fhógraí. Mar a tharla, luaigh geall le gach rang a ghlac páirt sa chomhairliúchán seo an téarma “Crá croí” san fhógra uathu ar an gceist seo. Ba iad “Mearaitheach”, “Atriallach”, “Neamhábhartha” agus “Gan mhaith” na haidiachtaí diúltacha ba choitianta ina dhiaidh sin. Ón taobh dearfach de, ba í “Cabhrach” an aidiacht ba choitianta. Ba iad “Úsáideach” agus “Ceart go leor” na haidiachtaí ba choitianta ina dhiaidh sin.

Sna grúpaí ranga a sholáthair figiúirí inmheánacha, léiríodh go raibh formhór mór na leanaí in aghaidh fógraíocht spriocdhírithe (90% sa chuid is mó de chásanna). Maidir leis an gcuid is mó díobh a bhí in aghaidh fógraíochta, rinne siad gearán faoi shaintréith mhearaitheach atriallach na fógraíochta sin, agus chuir siad in iúl nach raibh siad sásta go raibh fógraí ag briseadh isteach orthu agus iad ag úsáid na meán sóisialta agus fóraim ar líne eile. Bhí imní ar roinnt díobh go dtaispeánfaí fógraí míchuí dóibh agus bhí imní ar leanaí eile go mbítear ag éisteacht lena gcomhráite.

"Is cúis mearaithe agus oilc é an t-aon fhógra amháin a fheiceáil arís is arís eile." ***(Aois 16-17)***

"Tá siad ina gcrá croí. Tá siad ag cur as don rud atá á dhéanamh againn." ***(Aois 12-13)***

"Is ann freisin d'fhógraí fíor-mhíchuí a phreabann aníos agus ní bhíonn tú in ann iad a scipeáil." ***(Aois 9-10)***

"Bíonn sé measartha scanrúil nuair a fhaigheann tú fógraí faoi rud a raibh tú ag labhairt faoi le cara tamall beag roimhe sin. Tá an chuma air go mbítear ag éisteacht leat ach micreafón rúnda a úsáid."***(Aois 12-13)***

"Baineann daoine óga úsáid as na meáin shóisialta le haghaidh am "suaimhnis" dóibh féin. Níor mhaith leo go gcuirfeadh fógraí isteach orthu." ***(Aois 12-13)***

"Is crá croí iad fógraí toisc go dtarlaíonn sé in aman-na, agus tú ag amharc ar fhíseán an-mhaith ar You-Tube, go bpreabann fógra an-dona aníos! Uaireanta, ní bhíonn aon chnaipe ann chun an fógra a scipeáil agus caithfidh tú amharc ar fhógra gan mhaith ar feadh nóiméad nó dhó."***(Aois 9-10)***

I measc na leanaí sin a bhí i bhfách le fógraí oiriúnaithe, dúirt siad go bhféadfaí na fógraí a úsáid le haghaidh siopadóireachta, go háirithe más rud é go mbíonn siad sainoiriúnaithe dá n-ábhair spéise agus go gcabhraíonn siad leo táirgí nua a aimsiú.



Maidir le leanaí eile, ghlac siad leis go bhfuil fógraí ar "an dóigh a dtuilleann cuideachtaí airgead" agus mhaígh siad nach gcuirtear isteach orthu nuair a phreabann fógraí aníos ar a gcuntais mheán sóisialta.



CONCLÚIDÍ

Is féidir roinnt dea-threochtaí a fheiceáil san anailís a rinne an Coimisiún ar na freagraí ó leanaí ar na ceisteanna sa chomhairliúchán sainoiriúnaithe seo:

- Ar an gcéad dul síos, bíonn leanaí ag súil le nithe soiléire ó sheirbhísí, aipeanna agus ardáin ar líne maidir leis an oibleagáid atá orthu na nithe a dhéanann siad lena sonraí pearsanta a mhíniú. Tá siad den tuairim go bhféadfadh na cuideachtaí sin idirghníomhú le leanaí ar bhealach níos simplí, níos trédhearcaí, níos sorochtana agus níos solúbtha maidir lena sonraí pearsanta.
- Ar an dara dul síos, is féidir linn treochtaí soiléire a fheiceáil maidir leis na tuairimí atá ag leanaí ar na cearta atá acu agus na freagrachtaí atá orthu agus iad ar líne agus maidir leis na tuairimí orthu sin atá ag a dtuismitheoirí. Tríd is tríd, measann leanaí níos óige ar leibhéal bunscoile gurb iad a dtuismitheoirí is fearr a thuigeann cúrsaí agus ba mhaith leo go mbeadh níos mó maoirseachta agus rannpháirtíochta ag a dtuismitheoirí ann. Os a choinne sin, is é is dóichí go measfaidh leanaí níos sine go bhfuil siad in ann a ngníomhaíochtaí ar líne, lena n-áirítear próiseáil a sonraí pearsanta, a bhainistiú ina n-aonar.
- Sa deireadh, patrún spreagtha ar leith is ea an fhíric go raibh smaointe agus tuairimí cruthaitheacha ag daltaí faoi conas a d'fhéadfaí aird níos fearr a thabhairt ar a gcearta cosanta sonraí sa timpeallacht ar líne, mar is féidir a fheiceáil sna sleachta éagsúla ó leanaí agus daoine óga sa tuarascáil seo.

Bhí sé ina chúis mhór spreagtha don Choimisiún a fheiceáil go bhfuil daltaí ar fud na tíre ag plé an ábhair go grinn agus ag smaoineamh go cúramach ar a gcearta cosanta sonraí. Táimid ag súil le níos mó léargas a fháil ón dá shruth dár gcomhairliúchán sna míonna atá le teacht. Chuige sin, ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis na múinteoirí, na ceannairí Ógtheagmhála agus na ceannairí grúpa óige uile a chaith a gcuid ama ar an bplean ceachta a sholáthar. Thar rud ar bith eile, áfach, ba mhaith linn buíochas ó chroí a ghabháil leis an 1200 duine óg de gach aois a ghlac páirt ann ar bhealach chomh díograiseach sin. Táimid ag súil le bhur gcuid tuairimí agus eispéireas a chloisteáil sa todhchaí!

An Coimisiún um Chosaint Sonraí
Data Protection Commission
www.dataprotection.ie

Data Protection Commission
21 Fitzwilliam Square, Dublin 2,
D02 RD28, Ireland

An Coimisiún um Chosaint Sonraí
21 Cearnóg Mhic Liam, BÁC 2,
DO2 RD28, Éireann

ombudsman do leanaí for children
www.oco.ie

Millennium House
52-56 Great Strand Street
Dublin 1, D01 F5P8, Ireland

Teach na Mílaoise
52-56 Sráid na Trá Mhór
BÁC 1, DO1 F5P8, Éireann